# Lógónna Branda a Dhearadh

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Cruth agus Spás - cruthanna 2T, siméadracht, comhordanáidí<br>*Comhtháthú - Teanga, OSIE, Na hEalaíona* |
| **Scileanna Forbartha** | Cumarsáid agus cur in iúl - gníomhaíochtaí matamaiticiúla a phlé agus a mhíniú<br>- torthaí gníomhaíochtaí matamaiticiúla a phlé agus a chlárú ag úsáid léaráidí, pictiúr agus siombailí<br><br>Comhtháthú agus nascadh - matamaitic a aithint sa timpeallacht |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | ais x agus y, frithchaitheamh/siméadracht, comhordanáidí, ceathrú, aistriú, rinn, reanna |
| **Áiseanna** | geochláir, Uirlis Chomhordanáideach Mol Mata, samplaí de lógónna difriúla |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

Taispeáin samplaí d'áiseanna léarscáile oileán an chiste do dhaltaí. Mínigh go bhfuil **dhá uimhir** ag baint le pointe ar eangach chun a shuíomh a aithint. Tugtar comhordanáidí ar na huimhreacha sin. Scríobhtar comhordanáidí i gcónaí mar líon na gcéimeanna trasna ar dtús, ansin líon na gcéimeanna suas nó síos. Bealach éasca chun cuimhneamh air seo ná trasna an halla agus suas an staighre. Tabharfaidh siad faoi deara go bhfuil **dhá ais** in eangach. Tugtar **an ais chothrománach ar an x-ais** agus tugtar **an ais cheartingearach ar an y-ais**. Is féidir na haiseanna a úsáid chun teacht ar phointe ar eangach.

Tarraing dearadh/léaráid do lógó na gCluichí Oilimpeacha. Breac tacar de chomhordanáidí dá rogha féin, áit a bhfuil an dá luach deimhneach, ag úsáid aiseanna le scálaí deimhneacha amháin chun cruth a dhéanamh a bheidh mar cheathrú den lógó. Ceangail na línte le chéile. Ba cheart go mbeadh 2 líne shiméadrachta ar a laghad ag baint lena gcruth 2T. Críochnaigh an frithchaitheamh scátháin ar an gceathrú ar an taobh clé agus/nó na ceathrúna thíos. Ar an iomlán cruthófar ceithre cheathrún an lógó iomlán.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad iad na comhordanáidí atá ag X?<br>• Cad é atá ag Pointe Y ar an eangach?<br>• An bhfuil Cruth Z siméadrach?<br>• Cé mhéad líne shiméadrachta atá ag Cruth Z? | • Cén fáth ar chruthaigh tú do lógó mar sin?<br>• Cén fáth ar roghnaigh tú na comhordanáidí sin?<br>• Cén tslí a bhfuil do lógó cosúil le / difriúil le lógó do charad? |

## Difreáil

Socraigh an comhthéacs de réir shuim agus thuiscint na ndaltaí. Socraigh méideanna airgid de réir mar is cuí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.

# Lógónna Branda a Dhearadh

## Seo suaitheantas na gCluichí Oilimpeacha Tóiceo 2020

TOKYO 2020

TOKYO 2020
PARALYMPIC GAMES

## Tóiceo 2020 Sonóg Oilimpeach



## Mo Dhearadh Buaiteach